| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Aonad Foghlama<br>Pleanáil Roinne | | | |
|---|---|---|---|
| **Bliain:** 3ú Bliain | **Téarma:** 2 | **Aonad:** 3 | **Fad an Aonaid:** 4 seachtain (1x rang 80 nóiméad & 1 x rang 40 nóiméad nó 2 x rang 60 nóiméad) |
| **Téama:** Ar Suanbhruith | | | |

## Torthaí Foghlama

1.3 raon de phrionsabail & teicnící cócaireachta a chur i bhfeidhm chun béilí sláintiúla a ullmhú don duine aonair agus don teaghlach & cúrsaí buiséid á gcoimeád i gcuimhne chomh maith
2.8 cur síos a dhéanamh ar chleachtais inbhuanaithe laethúla sa teach agus éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht dramhaíola agus caomhnú uisce san áireamh
1.10 ról na gcothaitheach in aiste bia sláintiúil cothrom a mhíniú
1.16 cleachtais inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun acmhainní bia agus ábhair a roghnú agus a bhainistiú
2.10 scileanna cinnteoireachta tomhaltóra a chur i bhfeidhm chun acmhainní pearsanta agus teaghlaigh a láimhseáil don saol laethúil

## Briathra Gnímh

Anailísigh: staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí

Cuir síos: pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú

Mínigh: mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna

## Príomhfhoghlaim

Eolas | Tuiscint | Scileanna | Luachanna

Prionsabail chócaireachta –sótáil, suanbhruith, laghdú, raimhre, forbairt blas, blastanas
Roghanna bia – cinnteoireacht inbhuanaithe agus shláintiúil agus bianna á roghnú
Foinsí próitéine ainmhithe agus plandaí
An éifeacht a bhíonn ag cócaireacht ar bhianna próitéine
Ról na próitéine sa chorp
Scileanna cinnteoireachta tomhaltóirí a úsáid chun béilí aonair/teaghlaigh atá sláintiúil agus cothaitheach a phleanáil agus a chostasú, lena n-áirítear breithnithe buiséadacha
Plé ar úsáid an fhuinnimh agus an uisce a theastaíonn leis na béilí atá beartaithe a ullmhú agus a chócaráil
Roinnt béilí aonair/teaghlaigh a ndearnadh imscrúdú orthu a ullmhú agus a mheas
Bainistiú dramhaíola – athchúrsáil, múiríniú

## Measúnú

**Amhainní**

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers